Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14263/17**

**FSTR 78**
**FC 87**
**REGIO 111**
**SOC 717**
**AGRISTR 104**
**PECHE 438**
**CADREFIN 115**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 15 Samhain 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13860/17 |
| Ábhar: | Sineirgí agus Simpliú don Bheartas Comhtháthaithe ó 2020 ar aghaidh - Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle (15 Samhain 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le "Sineirgí agus Simpliú don Bheartas Comhtháthaithe ó 2020 ar aghaidh", a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 15 Samhain 2017.

# Conclúidí ón gComhairle maidir le Sineirgí agus Simpliú don Bheartas Comhtháthaithe ó 2020 ar aghaidh

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

(1) MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle an 16 Samhain 2016 maidir le Torthaí agus Gnéithe Nua an Bheartais Comhtháthaithe agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa[1] agus an 25 Aibreán 2017 maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe a dhéanamh níos éifeachtaí, ábhartha agus infheicthe dár saoránaigh[2];

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE Conclúidí Deiridh agus Moltaí Deiridh an Ghrúpa Ardleibhéil maidir le Simpliú don tréimhse ó 2020 ar aghaidh[3];

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach ndéantar réamhbhreithiúnas sna conclúidí ón gComhairle ar thoradh na caibidlíochta maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais amach anseo nó ar an bplé ar ghnéithe eile den bheartas comhtháthaithe don tréimhse ó 2020 ar aghaidh;

## I. Sineirgí, comhlántacht agus comhchuibhiú

(4) Cé go bhfuil misean áirithe ag ionstraimí buiséid uile an Aontais, lena n-áirítear Cistí SIE, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart iad a úsáid ar bhealach comhlántach agus comhleanúnach d'fhonn cuspóirí an Aontais a bhaint amach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go mbeadh ionstraimí éagsúla an Aontais comhlántach lena chéile agus dá bhrí sin IARRANN SÍ ar an gCoimisiún mionanailís a dhéanamh ar na comhlántachtaí agus ar an forluí idir ionstraimí de chuid an Aontais mar ullmhúchán don tréimhse ó 2020 ar aghaidh d'fhonn sinerigí eatarthu a fheabhsú;

---

1 14542/16.
2 8463/17.
3 http://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/publications/reports/2017/esif-simplification-hlg-proposal-for-policymakers-for-post-2020.

(5) CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart, ar mhaithe leis an rialáil níos fearr, an leagan amach dlíthiúil le haghaidh Chistí SIE, chomh maith le haon chláir ábhartha eile de chuid an Aontais, a cheapadh ó thús le sineirgí, comhleanúnachas agus comhlántacht á gcur san áireamh; agus na réimsí beartas éagsúil ar a dtugtar aghaidh sna Cistí SIE éagsúla á gcur san áireamh;

(6) MEASANN SÍ go gcuirfeadh comhchuibhiú na rialacha chun rialacha níos simplí a fháil in ionstraimí uile an Aontais, i gcás inarb iomchuí, le soiléireacht na rialacha do thairbhithe a fheabhsú agus dá bhrí sin an t-ualach riaracháin a laghdú do na tairbhithe agus na hinstitiúidí a dhéanann na cistí a bhainistiú araon;

(7) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart tionscadail chomhchosúla a láimhseáil ar bhealach comhchosúil, beag beann ar fhoinse an chistiúcháin laistigh de bhuiséad an Aontais nó ar an modh bainistithe; MEASANN SÍ gur gá ailíniú eile ar rialacha cistiúcháin freisin d'fhonn cothroime iomaíochta a chur ar fáil do thionscadail chomhchosúla faoi mhodhanna éagsúla bainistíochta, lena n-áirítear le haghaidh ionstraimí airgeadais;

(8) CUIREANN SÍ I dTREIS dá bhrí sin an méid seo a leanas:

- Ba cheart tacar coiteann Eorpach comhchuibhithe rialacha lárnacha, beag beann ar an modh bainistithe, a mheas don tréimhse ó 2020 ar aghaidh mar a mhol an grúpa ardleibhéil, agus ailíniú den chineál sin as a dtiocfaidh rialacha níos casta faoi aon mhodh bainistíochta nó ionstraim de chuid an Aontais á sheachaint; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, áfach, gur cheart an próiseas ullmhúcháin do rialacha lárnacha den chineál sin a bheith faoi réir comhairliúcháin leis na Ballstáit, na réigiúin agus na saineolaithe sna hearnálacha lena mbaineann i gcomhréir le prionsabail na rialála níos fearr;
- Le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhlíontachta na rialacha iomaíochta is gá ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart foráil a dhéanamh go gcaithfear go comhsheasmhach le tionscadail chomhchosúla i ngach cuid de bhuiséad an Aontais beag beann ar an modh bainistithe, agus sainiúlachtaí na n-earnálacha talmhaíochta agus iascaigh á gcur san áireamh;

## II. Simpliú an bheartais chomhtháthaithe agus Chistí SIE ó 2020 ar aghaidh

(9) TUIGEANN SÍ gur dúshlán i gcónaí iad líon agus castacht na rialacha a tugadh isteach don tréimhse clarúcháin 2014-2020 do thairbhithe agus d'údaráis na mBallstát, agus TÁ SÍ TIOMANTA fós simpliú suntasach a dhéanamh ar na rialacha sin;

(10) CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil rialacha casta agus fairsinge mar phríomhchúis earráidí agus go gcuireann siad le moilleanna faoi bheartas comhtháthaithe agus go gcabhrófadh simpliú na rialacha sin, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, chun earráidí agus moilleanna a chosc ar an gcéad dul síos, agus dá bhrí sin, laghdófaí an riosca airgeadais agus an t-ualach riaracháin a bhaineann le hearráidí agus ceartúcháin airgeadais;

(11) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le deighilt shoiléir na bhfreagrachtaí idir leibhéal an Aontais agus an leibhéal náisiúnta agus breathnú níos déine ar phrionsabal na coimhdeachta, bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach; TACAÍONN SÍ sa chomhthéacs sin le cur i bhfeidhm éifeachtach an chur chuige iniúchóireachta aonair, lena laghdaítear ualach rialuithe do thairbhithe agus d'údaráis náisiúnta araon;

(12) AITHNÍONN SÍ go dtugtar deis le simpliú na rialuithe maidir le cur chun feidhme agus rialú chun an bhéim ar thorthaí a neartú tuilleadh, agus ar an gcaoi sin go gcuirtear le cost-éifeachtúlacht agus éifeachtacht bheartais;

(13) IS DÍOL SÁSAIMH DÍ i bhfianaise an mhéid sin an moladh ón nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe le haghaidh córas seachadta atá níos simplí agus níos dírithe ó 2020 ar aghaidh, lena laghdófar reachtaíocht fhairsing agus treoracha ón gCoimisiún maidir le Cistí SIE, agus ar an gcaoi sin go bhfeabhsófar éifeachtacht agus éifeachtúlacht agus go seachnófar micreabhainistiú na gcistí sin ar leibhéal an Aontais;

(14) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ina chuid ullmhúcháin do na tograí reachtacha don tréimhse ó 2020 ar aghaidh na nithe seo a leanas, *inter alia*, a dhéanamh:

a) Creat dlíthiúil don tréimhse ó 2020 ar aghaidh a cheapadh, i gcomhar leis na Ballstáit, ina gcuirtear i bhfeidhm go dian prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus ina ndírítear ar laghdú suntasach ach spriocdhírithe a bhaint amach ar raon feidhme agus leibhéal sonraí an rialacháin reatha, ach ina n-áirítear ag an am céanna, a mhéid is féidir, cobhsaíocht agus leanúnachas na gcóras cur chun feidhme a bunaíodh cheana;

b) Leanúnachas a chinntiú d'údaráis a ainmníodh nó a creidiúnaíodh do chomhlíonadh feidhmeanna bainistíochta, deimhniúcháin agus iniúchóireachta le linn na tréimhse 2014-2020, ar cruthaíodh a gcumas cheana féin, agus a ceadaítear dóibh dá bharr sin leanúint lena gcuid feidhmeanna sa chéad tréimhse clárúcháin eile gan stop nó gan mhoill;

c) Coinníollacha níos fearr a chruthú do mheascán de dheontais agus d'ionstraimí airgeadais agus cur chun feidhme ionstraimí airgeadais a shimpliú trí na rialacha a thabhairt níos gaire do ghnáthchleachtais an mhargaidh airgeadais;

d) Oibriú i dtreo córas níos simplí agus níos comhtháite de tháscairí ionas go mbeidh lucht ceaptha beartas in ann measúnú níos fearr a dhéanamh ar éifeachtaí cistí éagsúla agus foghlaim ón taithí atá faighte, agus ag an am céanna sainiúlachtaí na gcistí sin a urramú agus tuairisciú a shimpliú;

e) Iarrachtaí a dhéanamh tacar aonair rialacha atá simplí, soiléir agus éadrom a bhunú do chistí SIE, agus machnamh a dhéanamh ar ailíniú breise, cómhalartach ar rialacha chistí SIE leis na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le hionstraimí eile an Aontais, i gcás inarb iomchuí, agus aird á tabhairt ar an ngá atá lena chinntiú go gcaithfear go comhsheasmhach le tionscadail chomhchosúla, mar aon le misin shonracha na gcistí mar a leagtar amach sa Chonradh iad;

f) Athmheasúnú a dhéanamh ar na comhaontuithe agus cláir chomhpháirteacha, d'fhonn a luach straitéiseach a neartú agus dúbailt eatarthu a sheachaint, agus taithí agus sainiúlachtaí na mBallstát agus na réigiún á gcur san áireamh;

(g) Cur chuige comhtháite a chothú agus a spreagadh i ndáil leis an gclárú agus an cur chun feidhme faoin mbeartas comhtháthaithe, lena n-áirítear an deis chun cláir oibríochtúla a ullmhú;

h) Tacar níos dírithe agus níos cuíchóirithe na gcoinníollachtaí ábhartha ex ante a mheas agus anailís a dhéanamh ar cé acu agus conas a d'fhéadfaí coinníollachtaí ex ante tír-shonracha atá saincheaptha agus spriocdhírithe a úsáid chun éifeachtacht na gcistí SIE a fheabhsú, agus ag an am céanna cur chuige comhsheasmhach a áirithiú ar fud an Aontais;

i) Machnamh a dhéanamh ar úsáid coinníollachtaí ex ante mar léiriú go bhfuil córais náisiúnta agus réigiúnacha sna réimsí a chumhdaítear leis na coinníollachtaí ex ante faoi seach ag feidhmiú mar is ceart gan ceanglais bhreise rialaithe agus comhlíonta a chur go sonrach ar na húdaráis a dhéanann na cistí SIE a bhainistiú;

j) Machnamh a dhéanamh ar chóras seachadta níos simplí a thabhairt isteach maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach comhréireachta, spleáchas ar rialachas náisiúnta agus ar chórais dhea-fheidhmiúla náisiúnta agus réigiúnacha, a d'fhéadfadh na Ballstáit agus na réigiúin uile a ghlacadh ar bhonn critéir thrédhearcacha, oibiachtúla agus intomhaiste;

k) Soiléireacht, deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht a fheabhsú agus rialacha cothrománach an Aontais á gcur i bhfeidhm, go háirithe i réimse an tsoláthair phoiblí;

(15) ATHDHEARBHAÍONN SÍ conclúidí an 25 Aibreán 2017 ina n-iarrtar ar an gCoimisiún idirphlé beartais a lorg leis na Ballstáit mar chuid den phróiseas ullmhúcháin don tréimhse ó 2020 ar aghaidh, agus ina n-iarrtar ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe ó 2020 ar aghaidh chomh luath in 2018 agus is féidir sin;

(16) LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le haistriú rianúil idir tréimhsí clárúcháin;

(17) TÁ SÍ MEÁITE I gCÓNAÍ ar dhíospóireacht rialta pholaitiúil a dhéanamh i measc airí ábhartha na Comhairle Gnóthaí Ginearálta maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus le Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa;

(18) MEABHRAÍONN SÍ conclúidí an 25 Aibreán 2017 inar dúradh gur gá tuilleadh iarrachtaí ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún chun cur le hinfheictheacht agus íomhá dhearfach an bheartais comhtháthaithe agus cistí SIE a mhéadú agus SPREAGANN SÍ dul chun cinn sa réimse sin.